Féile Bia – Food Festival

East Galway – Oirthear na Gaillimhe

Cuirfear *fáilte Uí Cheallaigh* roimh an phobal a bheith rannpháirteach san ***Fhéile Bia Oirthear na Gaillimhe*** a bhéas ar siúl ag Otharlann Naomh Breandáin, Baile Locha Riach Satharn 18 Iúil idir 12.00 agus 5.00.

Is í seo an chéad uair a bhéas an fhéile seo ar siúl agus í in ómós do **Stoney Brennan**, carachtar áitiúil a crochadh toisc gur ghoid sé tornapa fadó, fadó. Tá sé mar aidhm ag an fhéile spotsolas a léiriú ar chaighdean an bhia atá ar fáil go háitiúil, sult a bhaint as ceol is béaloideas an cheantair agus gach duine ag ceiliúradh uathúlacht na háite. Cuirfear fáilte roimh chách chuig an cheantar álainn seo cois locha faoi scáth Shliabh Eachtaí.

Ba cheart go mbeidh deis ag gach duine sult a bhaint as rogha gach bia, taitneamh a bhaint as cheol, filíocht agus béaloideas an cheantair agus spraoi iontach do theaghlaigh ar siúl i rith an lae. I measc na himeachtaí beidh fulacht ann ar son 'Enable Ireland', ceolchoirm ina mbeidh ceol, drámaíocht, amhránaíocht is filíocht ann. Beidh timpeall 20 seastán ann i rith an lae ina mbeidh torthaí, glasraí, rogha breá bia, ceirdeanna is eile ar taispeáint. Beidh caisleáin súgartha, aghaidheanna péinteáilte agus suíomh picnice curtha ar fáil.

Is féidir le daoine seastán a eagrú go fóill nó páirt a ghlacadh i gcomórtas chócaireacht aráin ach teagmháil a dhéanamh le ***087 9296163***.

Ba mhaith leis an choiste eagraithe a mbuíochas a ghabháil le Fáilte Ireland go háirithe agus lena lucht urraithe ar fad a thacaigh go mór leis an imeacht seo a reachtáil;

Comhar Creidmheasa Naomh Breandáin,
Supervalu,
Foras na Gaeilge,
Gaeilge Locha Riach,
Baffle
agus **Cairde na Féile**.

Má tá éinne ag iarraidh a thuilleadh eolais i dtaobh ***Féile Bia Oirthear na Gaillimhe***, tá gach fáilte teagmháil a dhéanamh le eastgalwayfoodfestival@gmail.com nó ***087 9296163***.

Everyone will be given a great welcome to the inaugural East Galway Food Festival taking place at St. Brendan's Home, Loughrea Saturday 18th July 12.00 – 5.00 p.m.

This will be the first time that this festival has been organized and it shall honour the memory of **Stoney Brennan**, a local character that was hung for stealing a turnip long ago. The festival aims to highlight the quality of locally-produced food, to enjoy the music and folklore of the district as everyone is invited to celebrate the uniqueness of this beautiful lakeside area under the shadow of the majestic Slieve Aughty mountains.

Everyone should have the opportunity to enjoy the fine selection of foods, enjoy the music, poetry and folklore of the area and the family entertainment throughout the day. Among the events organized, there will be a Bar-b-que in aid of 'Enable Ireland', a concert providing

music, song and poetry. There will be about 20 stalls providing a wide range of fruit, vegetables, fine foods and crafts. Also, bouncy castles, face painting and a picnic area will be made available.

A stall can still be organized or people can enter the bread making competition by contacting 087 9296163.

The organizing committee would like to give a special thanks to Fáilte Ireland and to all their sponsors that have supported the organization of this event;

Naomh Breandán Credit Union,
Supervalu,
Foras na Gaeilge,
Gaeilge Locha Riach,
Baffle
agus **Cairde na Féile**.

If anyone wishes further information about ***The East Galway Food Festival***, you are welcome to contact eastgalwayfoodfestival@gmail.com or ***087 6797801***.